

# An Chairt Taighde



**Trinity College Dublin**  
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
The University of Dublin

# FOCAL FÁILTE

Seo cairt atá bunaithe ar an smaoineamh go leagfar síos bunphrionsabail atá lárnach maidir le fealsúnacht taighde an Choláiste agus bearta trínar féidir déanamh de réir na bprionsabal sin.

Tagann seo de thoradh ar phróiseas lenar bhain cuid mhór comhairliúcháin d'fhonn tuairimí a chruinniú ó phobal Choláiste na Tríonóide ar fad. Is comhartha ar an tábhacht atá leis an taighde i gColáiste na Tríonóide an spéis mhór a léiríodh sa phróiseas agus i dtoradh an phróisis.

Níl i gceist go leagfaí amach sa chairt réimsí príomhthábhachta léinn ná ceisteanna faoi leith a ndíreofaí orthu. Is é cuspóir atá leis an gcairt a chur ar chumas na dtaighdeoirí oibriú ar a gcuid smaointe dúshlánacha, cor nua a chur sa leagan amach ar an réimse léinn, sárobair thaighde a dhéanamh ina dtaighdeoirí aonair agus i meithle taighde, agus cruthú go hiontach i mbun a gcuid oibre.

Is é atá d'aisling againn go mbeidh taighde á dhéanamh ar ardchaigheán, le dianobair, géarscrúdú, iléagsúlacht agus ionracas a fhágann go n-aimsítear torthaí mórshuntais, tuiscint nua, léargas ríthábhachtach agus a bhíonn ina chúis le dul chun cinn claochlaitheach – nó, saol a chruthú inar mian linn maireachtáil.

Is é atá de mhisean againn timpeallacht taighde a chruthú trínar féidir an aisling a thabhairt i gcrích trína gheallúint go ndéanfar

**01** Saoirse léinn, iléagsúlacht scoláireachta agus tóraíocht na fírinne a chothú

**02** An taighde a chur i gceartlár gach a ndéantar i gColáiste na Tríonóide

**03** Cumas taighde agus ceannaireacht a chothú

**04** Sochar a bhaint as saineolas an chomhair ar mhaithe leis an leas coiteann

**05** Leathnú ar an tionchar go háitiúil agus ar fud an domhain

**06** Caidreamh domhain le dreamanna éagsúla

**07** Cur ar son cúrsaí taighde

Dírítear sa chairt seo ar gach prionsabal faoi seach go dtugtar míniú ar a bhfuil i gceist, go luaitear an tábhacht atá leis agus go leagtar amach cuspóirí ardleibhéil agus bearta oibre.

*Linda Doyle*

**An tOllamh Linda Doyle  
An Déan Taighde**

# 01. SAOIRSE LÉINN, ILÉAGSÚLACHT SCOLÁIREACHTA AGUS TÓRAÍOCHT NA FÍRINNE A CHOTHÚ

Ciallaíonn **SAOIRSE LÉINN, ILÉAGSÚLACHT SCOLÁIREACHTA AGUS TÓRAÍOCHT NA FÍRINNE A CHOTHÚ** a thabhairt gur féidir leis an lucht taighde gach modh inleachtúil fiosrúcháin a thapú, i mbun scoláireacht de gach cineál, gan bheann ar an toradh a thiocthadh ar an saothar. Ciallaíonn sé cloí go tréan le saoirse agus neamhspleáchas smaointeoireachta. Ciallaíonn sé go dtuigtear go ndéantar eolas bunúsach a fhorbairt agus a scaipeadh ar mhaithe leis sin féin agus ar mhaithe le cur leis an lón eolais, chomh maith le díriú ar cheisteanna móra dúshláin an domhain.

Ciallaíonn sé glacadh le gnáis éagsúla taighde chomh maith le cur i láthair de stíleanna éagsúla ar an obair léinn, a bheith tuisceanach maidir le héagsúlacht idir disciplíní agus tacú le cur chuige ildisciplíneach. Baineann sé le meas ar an bhfiúntas atá le hobair taighde, idir obair bhunúsach agus obair fheidhmeach. Baineann sé lena thuiscint go dtarlaíonn dul chun cinn taighde mar gheall ar shaothar dhuine aonair, ar shaothar mheithle oibre agus ar shaothar thionscadail mórsála.

Tá freagracht ag gabháil leis sin uilig, an fhreagracht a thuiscint gur príbhleíd an tsaoirse sin a bheith againn agus an fhreagracht freisin dícheall a dhéanamh sárleibhéal feabhais a bhaint amach. Tá de dhualgas ag gabháil leis an obair taighde a dhéanamh go heiticiúil ionraic. Éilítear caighdeáin dhiana dhochta a chur i bhfeidhm maidir leis na próisis taighde ionas go gcinntítear go ndéantar an obair ar na caighdeáin gairmiúlachta is airde.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SIN** mar gheall gurb é atá i gceist le saoirse léinn leas a bhaint as an bhfiosracht ghéar a spreagann an lucht taighde chun sárobair taighde a dhéanamh. As lorg an eolais ar mhaithe leis sin féin, tarlaíonn an dul chun cinn mórshuntais nach bhféadfaí a fheiceáil roimh ré agus nach féidir a réamheagrú le dearcadh uachtaránachta.

Is ábhar mórtais againn go mbítear gníomhach i mbun taighde ar fud na ndámh ar fad (Ealaíona, Daonnachtaí & Eolaíochtaí Sóisialta; Innealtóireacht, Matamaitic & Eolaíocht; agus Eolaíochtaí Sláinte). Le meas ar réimse na scoláireachta a eascraíonn uaidh sin, agus trí chumas iléagsúil an lucht taighde

ar fad a úsáid chun leibhéal sárfeabhais a bhaint amach, ligtear don uile dhuine na buanna atá acu a oibriú ar bhealach a dhéanfadh leas Choláiste na Tríonóide ar fad. Chomh maith leis sin, tá meas ar obair a chéile ar cheann de na bunphrionsabail maidir le meas ar an bpobal agus cothú na comrádaíochta. Anuas ar an méid sin uilig, tá an cumas an domhan seo a iniúchadh trí phróisis éagsúla taighde rífhónta mar bhealach chun réiteach a fháil ar fhadhbanna agus fágann sé gur féidir linn dul i mbun caidrimh ar bhealaí éagsúla le muintir an domhain agus modhanna nua cumarsáide a aimsiú.

Tá buntábhacht leis an ngairmiúlacht agus leis an macántacht a chleachtar agus sinn i mbun taighde maidir lena chinntiú go dtugtar toradh saothair de scoth an domhain i gcrích ar féidir le muintir na linne seo iontaoibh a bheith acu as.

**IS SPRIOC ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide go gceapfaí le cultúr é lena ngabhann saoirse léinn, réimse leathan scoláireachta, tóraíocht na fírinne agus na caighdeáin acadúlachta is airde.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH**, tá a thabhairt gur dlúthchuid de phróisis uile na hollscoile (e.g. ardú céime, litríocht etc.) an dúthracht maidir le saoirse léinn, réimse leathan scoláireachta agus tóraíocht na fírinne. Trí sin a bheith ina chuid den mhodh feidhme, is féidir cur go suntasach leis an gcaoi a gcuirtear iléagsúlachta na scoláireachta in iúl agus i láthair dá chéile agus don saol go ginearálta. Trí cheiliúradh a dhéanamh ar bhuaicphointí taighde, gan bheann ar an modh oibre, cinnteofar go mbraitheann an lucht taighde go bhfuil meas orthu i gColáiste na Tríonóide. Tá gá le polasaithe agus córais nua oibre chun cuidiú le daoine den fhoireann obair taighde a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde maidir le gairmiúlacht agus gnáis eiticiúla taighde. Ba cheart cultúr a chothú ina bhfeictear gur deis na polasaithe sin chun sárobair a dhéanamh seachas ualach ar an taighdeoir.

# 02. AN TAIGHDE A CHUR I GCEARTLÁR GACH A NDÉANTAR I GCOLÁISTE NA TRÍONÓIDE

Ciallaíonn **AN TAIGHDE A CHUR I GCEARTLÁR GACH A NDÉANTAR I GCOLÁISTE NA TRÍONÓIDE** an taighde a bheith ina dhlúthchuid den bheartaíocht i ngach réimse den eagraíocht. Ó thaobh cúrsaí rialachais agus riaracháin, ciallaíonn sin an obair taighde a thabhairt san áireamh maidir le cúrsaí eagrúcháin agus riaracháin na hollscoile. Ní foláir gach cinneadh a dhéantar a iniúchadh go dtuigtear aon tionchar a bheadh dá bharr ar an gcumas taighde sármaith a thabhairt i gcrích. Ní mór freisin tuiscint rímhaith a bheith ag gach aonad léinn agus aonad riaracháin ar na cúinsí atá de dhíth ionas gur féidir sárfeabhas taighde ar na leibhéil a bhfuiltear ag tnúth leo a thabhairt i gcrích agus na haonaid léinn agus na haonaid riaracháin a bheith eagraithe de réir chuspóirí taighde na hollscoile.

Ní mór freisin a admháil go bhfuil dlúthcheangal idir obair thaighde agus an teagasc. Tá agus beidh teagasc bunaithe ar an taighde ar na bunphrionsabail maidir lenár gcuid beartaíochta. Ciallaíonn sé go leanfar den teagasc bunaithe ar obair thaighde a chur chun cinn agus den taighde a bheith ina dhlúthchuid de thaithí oideachais gach mac léinn ó na laethanta tosaigh i gColáiste na Tríonóide.

Ní hé amháin atá i gceist leis an taighde a chur i gceartlár gach a ndéantar i gColáiste na Tríonóide go sárófaí na deacrachtaí a chuirtear romhainn faoi láthair i ndáil le beart a dhéanamh de réir an bhriathair maidir le cúrsaí taighde, tagann smaoinreamh fadtéarmach agus tuiscint ar na hathruithe atá i ndán i gceist chomh maith.

**TÁ SEO TÁBHACHTACH** ó tharla mar gur gné bhunúsach de shaoithiúlacht Choláiste na Tríonóide an leibhéal domhain téagartha ar a bpléitear leis an obair thaighde. Tagann aon tríú cuid d'ioncam na hollscoile ón taighde. Tá teagasc bunaithe ar obair thaighde ar cheann de ghnéithe an churaclaim a chuidíonn leis an ollscoil a dhealú ó choláistí eile in Éirinn agus thar lear. Cuireann an t-ardchaighdeán a bhaineann leis an obair thaighde go mór le clú náisiúnta agus cáil idirnáisiúnta na hollscoile.

Braitheann an cumas leanacht ag cur leis an mbeartaíocht taighde san am atá romhainn ar an ollscoil a bheith eagraithe ar bhealach atá oiriúnach don taighde. Sa chás go gcruthaítear cothromaíocht idir riachtanais eile shaol na hollscoile agus am don obair taighde, is fusa na daoine is fearr den lucht taighde a mhealladh agus a choinneáil sa Choláiste agus beidh dea-thoradh air sin maidir le caighdeán an oideachais ar na mic léinn.

Tá tábhacht leis an taighde a chur i gceartlár gach a ndéantar i gColáiste na Tríonóide freisin mar go mbeifear i riocht leas breise a bhaint as deiseanna, dul in oiriúint don athrú agus leanacht den tsárobair de réir mar a thagann cúrsaí taighde faoi athrú de shiocair scoláireacht oscailte nó athrú seasta ar nádúr shaol na hoibre.

**IS SPRIOC ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide a dhéine a shraothraítear obair thaighde sa choláiste a bheith san áireamh go hiomlán i gcúrsaí rialachais agus eagrúcháin agus sna gnáis oibre.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH**, tá sárleibhéal cumarsáide a chruthú ar fud na n-aonad léinn agus na n-aonad riaracháin ionas go gcothaítear cultúr an chomhair mar gheall ar na cuspóirí taighde. Is féidir féachaint leis an rialachas ar chúrsaí taighde a leasú i ndáil leis an déine breise a bhaineann leis an obair sin. Is féidir a chinntiú gur de réir an pholasaí a tharlaíonn oibriú taighde seachas vice versa. Ní mór dul i ngleic le gnéithe a dtiocfadh díspregadh taighde de thoradh orthu agus a chinntiú gur mó de spreagadh a bhíonn sa chóras maidir le hobair taighde a dhéanamh. Tá bunriachtanas le hathsmaoinreamh ar an mbainistíocht ar spás ionas go ndéantar soláthar d'fhorás taighde. Ní foláir oibriú i gcomhar le AD chun déileáil le ceisteanna maidir le baill foirne léinn agus baill foirne taighde a fhostú go héifeachtach (polasaí, próiseas, gealltanais), agus féachaint le modhanna nua a thapú chun cúnamh roimh bhronnadh nó ina dhiaidh a thabhairt san áireamh. Ba chóir modhanna nua a leagan amach chun obair thaighde a chur ar a súile do na mic léinn ó thús a ré sa Choláiste agus féachaint i gcónaí le leas breise a bhaint as torthaí taighde chun fadhbanna a réiteach. Ní mór sin uilig a dhéanamh ar bhealach atá docht daingean ach ar féidir é a leasú nuair is fiú sin.

# 03. CUMAS TAIGHDE A CHOThÚ

Ciallaíonn **CUMAS TAIGHDE AGUS CEANNAIREACHT A CHOThÚ** go gcuirtear cothú agus tacaíocht ar fáil don lucht taighde ar feadh a ré oibre i mbun taighde i gColáiste na Tríonóide.

Baineann leis cuidiú le taighdeoirí cruthú chomh maith agus atá iontu, cibé cineál scoláireachta atá ar bun acu. Baineann leis ceannródaíocht agus cumas a chothú i ngach ról a bhaineann le cúrsaí taighde – i réimse an léinn agus i réimse an riaracháin.

Tagann i gceist na daoine is cumasaí a mhealladh go Coláiste na Tríonóide chomh maith le taighdeoirí a oiliúint agus a ullmhú don saol taobh amuigh den Choláiste.

Tagann i gceist a bheith páirteach i gcrabhadh shuntasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas go bhfoghlaímíonn ár gcuid taighdeoirí agus an fhoireann tacaíochta maidir le cúrsaí taighde ó na daoine is fearr atá ar fáil.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SEO** mar gheall go bhfuil bunriachtanas le taighdeoirí cumasacha a fhorbairt, a fhostú, a choinneáil agus a chúiteamh as a gcuid saothair ionas gur féidir ionad Choláiste na Tríonóide ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan a chaomhnú.

Daoine cumasacha a chothú agus a fhostú an beart is straitéisí is féidir leis an ollscoil a dhéanamh mar go n-eascraíonn torthaí iontacha ó dhaoine bisiúla. Meallann taighdeoirí sármaithhe sármhí léinn taighde. Cuidíonn sárthaighdeoirí leis an gcuraclam teagaisc a choinneáil ar a mhíne ghéire leis na coincheapanna agus an smaointeoireacht is deireanaí á chur i láthair do na mic léinn. Cuidíonn sárfoireann tacaíochta taighde lenár gcuspóirí a thabhairt i bhfeidhm.

Baineann cuid mhór den chlú atá ar Choláiste na Tríonóide lenár gcuid taighdeoirí – idir dhaoine a oibríonn i gColáiste na Tríonóide féin agus na daoine a chuirtear amach ar fud an domhain.

Trí shárthaighdeoirí a mhealladh agus a choinneáil i gColáiste na Tríonóide, cinntítear go mbítear ar an gcéad rogha maidir le páirtneirí i gcrabhadhchórais taighde idirnáisiúnta. Ciallaíonn an rannpháirtíocht i gcrabhadhchórais taighde ardchaighdeáin go dtugtar ár ndúshlán agus go bhfoghlaímítear ón obair taighde agus ó na gnáis taighde is fearr ar fud an domhain agus go ndéantar tairbhe ina leith.

**IS CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide timpeallacht taighde a thabhairt chun cinn den chineál a tharraingíonn agus a chothaíonn daoine ina bhfuil sárchumas taighde agus a ligeann don lucht taighde sáróbair a dhéanamh ag gach tráth dá saol oibre.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH**, tá oibriú leis na dámha chun roghanna nua a fhiosrú maidir le ham don taighde a chosaint agus meantóireacht agus oiliúint chuimsitheach a thabhairt chun cinn don uile bhall foirne agus ag gach tráth dá ré gairme. Is féidir modhanna oibre inmheánacha a fhorbairt maidir le maoiniú dhuine aonair. Ní mór cuidiú le taighdeoirí 'athmhúnlú' a thabhairt orthu féin ag tráthanna éagsúla dá ré gairme agus, seachas aon rud eile, ní mór féachaint leis an gcomhghuaillíocht agus comhlachas tairbheach a chaomhnú i saol cruachúiseach an taighde.

Maidir le hearcú agus fhostú, áirítear ar na cur chuige ar aon dul leis an gcur chuige lárnach ar na bearta is féidir a dhéanamh chomh maith le caomhchóirí a thabhairt ar na próisis earcaíochta ionas gur féidir beart a dhéanamh go luath maidir le deiseanna a thagann chun cinn go tobann.

Maidir le cúrsaí crabhadhchaidrimh, áirítear ar na bearta na líonraí straitéiseacha le forais ardsuntais eile ar fud an domhain. Ní mór a bheith níos éifeachtúla i mbun caidrimh agus cumarsáide le hiarthaighdeoirí de chuid na hollscoile agus ní mór leanacht den infreastruchtúr a fhorbairt ionas go gcinntítear go mbíonn sruth seasta de thaighdeoirí cuairte de scoth an domhain i gColáiste na Tríonóide agus sruth taighdeoirí as Coláiste na Tríonóide ag dul go dtí na forais is fearr ar fud an domhain.

# 04. SOCHAR A BHAINTE AS SAINÉOLAS AN CHOMHAIR AR MHAITHE LEIS AN LEAS COITEANN

Ciallaíonn **SOCHAR A BHAINTE AS SAINÉOLAS AN CHOMHAIR AR MHAITHE LEIS AN LEAS COITEANN** is about building toirt chinniúnach den saothar taighde a chur i dtoll a chéile agus leas a bhaint as an saineolas domhain iléagsúil chun dul i ngleic le hábhar taighde a mbaineann ilghnéitheacht leis na ceisteanna ina leith d'fhonn fadhbanna móra tromchúiseacha don tsochaí a réiteach ar deacair iad a rangú nó nach féidir iad a réiteach le dearcadh aon réimse saineolais amháin. Baineann sé le meas ar an eolas atá ag an duine amháin an tráth céanna a dtuigtear gur gá beartaíocht an chomhair chun tabhairt faoi réimsí taighde a mbaineann ábhar dúshlán faoi leith leo.

Tagann i gceist cur le stair shaibhir Choláiste na Tríonóide i mbun taighde ildisciplíne trína mbíonn buntáiste as na cineálacha éagsúla scoláireacht a bhaineann leis na trí cinn de dhámha na hollscoile. Tá lorg soiléir na hoibre go dtí seo ar na Téamaí, ar na hInstitiúidí agus ar na hIonaid Taighde éagsúla atá ag an Ollscoil. Ní mór a bheith tuiscianach maidir le réimsí éagsúla léinn agus a bheith ábalta cumarsáid a dhéanamh ar fud réimsí éagsúla taighde.

Baineann sé freisin le leas a bhaint as saineolas an chomhair chun dul i ngleic le cruacheisteanna agus ábhar dúshlán a chuirtear roimh an ollscoil agus úsáid a bhaint as ár gcuid taighde agus ár gcuid cruthaitheachta féin chun seifteanna bisiúla a aimsiú.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SEO** mar gheall gur gá níos minice anois, más linn an saol a chruthú inar mian linn maireachtáil, dul i ngleic le fadhbanna iltoiseacha anróiteacha nach dtarlóidh a scaoileadh trína scrúdú le haon dearcadh amháin. De réir mar a thagann siocracha de leithéid na Spriocanna Domhanda maidir le Forbairt Inbhuanaithe, Misin i ndáil le Fís na hEorpa, agus cláir maidir le Mórdhúshlán na Sochaí i dtreis, is den bhuntábhacht go dtabharfaí chun cinn cumas na hollscoile oibriú ar scála agus ar leibhéal castachta den sórt atá i gceist leo.

Tá tábhacht leis mar gheall gurb é atá i gceist an scála cinniúnach a bhaint amach i réimsí a ndéanaimid sárobair iontu, nó i réimsí nua a mheastar a bheith tábhachtach maidir lena bhfuil i ndán don ollscoil. Tá tábhacht leis mar gheall gur féidir disciplíní nua léinn a chur ar bun a bheith i gceist le hoibriú ar an

mbealach seo sa chaoi is go ndéantar athrangú ar réimsí taighde agus go ndéantar athmhachnamh ar an ngnáth-thuisctint.

Tá tábhacht leis mar gheall gur minic a thugtar deis don ollscoil feidhmiú ar scála a fhágann Coláiste na Tríonóide níos feiceálaí arís go hidirnáisiúnta.

Tá oibriú le chéile ar fud réimsí éagsúla léinn ina mhodh maith oibre freisin maidir le comhar ríthábhachtach oibre a cheangal le forais eile léinn, le gníomhaireachtaí, le lucht tionsclaíochta, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtí treasarnála.

**IS SPRIOC ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide a bheith chun cinn maidir le tionscnaimh ildisciplíneacha nó réimsí nua taighde a leagan amach trína mbainfí sochar as ár gcuid saineolais ar mhaithe le leas fadtéarmach an tsaol agus ceannródaíocht a dhéanamh ina leith.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH**, tá modhanna oibre níos fearr a chruthú maidir le cora nua i gcúrsaí taighde a thagann le buanna na hollscoile a thuisctint agus a phleanáil. Cuirfidh bealaí nua a shonrú inar féidir smaointe nua a thionscnamh, a chur chun cinn agus a fhiosrú le cumas na hollscoile tástáil a dhéanamh ar réimsí. D'fhéadfadh modhanna na gcuirtear feabhas go seasta leanúnach ar na bearta tacaíochta agus rialachais i ndáil le tionscadail ildisciplíneacha de chuid Choláiste na Tríonóide faoi láthair lena mbaineann níos mó ná aon réimse amháin a theacht san áireamh chomh maith. Tá gá le próisis chun beart a dhéanamh ar bhealach luath follasach i ndáil le gairm scoile ildisciplíne a ligeann do thaighdeoirí uile Choláiste na Tríonóide ar ábhar spéise dóibh é páirt a ghlacadh ann. Tá gá le bearta trína bhféachtar lenár ndúshlán a thabhairt maidir lena ndéantar i mbun taighde agus deiseanna a chur chun cinn trínar féidir linn ár gcuid oibre a chioradh agus athshamhlú a dhéanamh maidir leis an mbealach atá romhainn ionas go gcinntítear go mbítear luathbheartach i gcónaí agus i gceann an róid maidir lenár gcuid réimsí léinn. Is féidir féachaint le tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil i ndán maidir le cúrsaí taighde go ginearálta, i ndáil le scoláireacht oscailte agus a bhfuil i ndán do shaol na hoibre.

# 05. LEATHNÚ AR AN TIONCHAR GO HÁITIÚIL AGUS AR FUD AN DOMHAIN

Ciallaíonn **LEATHNÚ AR AN TIONCHAR GO HÁITIÚIL AGUS AR FUD AN DOMHAIN TUISCINT DHOMHAIN** a chothú ar a bhfuil i gceist le tionchar a imirt. Baineann sé lena tuiscint gur as sárobair taighde a eascraíonn tionchar den chineál sin agus lena tuiscint nach é atá i gceist leis srianta, maidir le réimsí, cineálacha ná tráthchláir, a chur leis an obair taighde a dhéantar. Baineann sé ina ionad sin lena tuiscint gur féidir le tionchar a theacht ar bhealach pleanáilte nó neamhphleanáilte, go bhféadfadh gur tionchar oideachais, eacnamaíochta, socheolaíochta nó cultúir a bheadh ann, agus gur iomaí cló a bheadh i gceist ar fud na réimsí éagsúla sin. Baineann sé leis an tuiscint gur iomaí slí éagsúil, roinnt acu fada casta, ina bhféadfadh tionchar a theacht i gceist.

Ciallaíonn sé dul i bhfeidhm go mór in Éirinn agus níos faide ó bhaile.

Ionas gur féidir dul i bhfeidhm níos mó go háitiúil agus ar fud an domhain, ní mór comhar oibre agus páirtnéireacht lena bhfuil tábhacht straitéiseach a chothú chun tionchar den chineál sin a thabhairt i gcrích agus sin a chothú le forais léinn eile, le gníomhaireachtaí, le lucht tionsclaíochta, forais chultúir agus eile.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SEO** mar gheall gur gá torthaí feiceálacha a thabhairt i gcrích bunaithe ar an saothar taighde agus gur gá sin a dhéanamh i mBaile Átha Cliath, in Éirinn agus níos faide ó bhaile. Tá tábhacht leis mar gheall gur trí thionchar a imirt a théann an obair taighde i gcion agus a thugtar athrú chun feabhais i bhfeidhm.

Tá tábhacht leis mar gheall gur de réir thionchar thoradh an tsaothair a thuigeann cuid mhór díobh siúd a chuireann cistí ar fáil lena aghaidh an rud atá i gceist le hobair taighde agus gur i ngeall ar an tionchar a thagann dá bharr a leanann siad ag cur cistí ar fáil. Tagann de chúram orainn dá réir sin a chinntiú go dtuigtear go hiomlán an tionchar ó thoradh an tsaothair, más go logánta nó ar fud an domhain é, agus gníomhú go forbheartach maidir leis an toradh sin agus an tionchar a thiochfaidh dá bharr a chur in iúl. Tagann tionchar a imirt leis an mbeartaíocht oideachais i gColáiste na Tríonóide atá dírithe ar an nuáil agus ar an bhfiontraíocht. Tá sin de thréith shuntasach ag rith leis an oideachas fochéime a chuirtear ar fáil i gColáiste na

Tríonóide ar a bhfuil ardcháil faoin tráth seo maidir le hoiliúint an lucht fiontraíochta. Cuireann an tábhacht a leagtar ar shlite gairme éagsúla a chur ar fáil don lucht taighde trína chur ar a gcumas fiontar tráchtála nó fiontar sóisialta a thionscnamh leis an taithí a bhíonn acu ar an gcoláiste.

Tá ról Choláiste na Tríonóide maidir le tionchar a chúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir i gcoilár Phríomhchathair na hÉireann ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí.

**IS SPRIOC ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide deiseanna dul i gcion ar an saol in Éirinn agus ar fud an domhain, leis na cineálacha iléagsúla scoláireachta atá ina ngnéithe den obair taighde a dhéantar i gColáiste na Tríonóide, a thabhairt chun suntais agus a thapú agus an tionchar is mó is féidir a imirt.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH,** cur leis an tuiscint ar chineálacha an tionchair is féidir leis an lucht taighde i gColáiste na Tríonóide a imirt. Ní mór cuidiú leis na taighdeoirí an tionchar mór atá á imirt acu cheana féin a chur in iúl. Is féidir dul i ngleic níos mó le modhanna nua taighde atá ag teacht chun cinn agus a spreagann spéis na ngeallsealbhóirí. Is féidir cur le cineálacha an tionchair trí ghlacadh le coincheapanna nua maidir le scoláireacht oscailte. Trí oibriú le LERU agus le líonraí eile chun tuiscint níos léire ar thionchar a chur chun cinn, is féidir spriocanna a leagan síos maidir le dul i bhfeidhm ar bhealach a bhaineann leas as an tuiscint bhreise seo. Is féidir comhar páirtnéireachta a nascadh ar bhealach straitéiseach le gníomhaireachtaí, lucht tionscail agus le líonraí eile agus leas breise a bhaint as an saineolas atá ag céimithe de chuid an Choláiste chun an sásra a fhorbairt lena dtabharfar tionchar mór i gcrích. Is féidir cur leis na córais tacaíochta i gColáiste na Tríonóide ionas go gcuidear leis an bhfoireann tionchar a imirt le torthaí a gcuid taighde. Agus is féidir leanacht de chur le réimse na cistíochta taighde san ollscoil ionas gur féidir an bhéim a choinneáil ar thaighde d'ardchaighdeán – réamhriachtanas amháin maidir le dul i bhfeidhm go mór.

# 06. CAIDREAMH DOMHAIN LE DREAMANNA ÉAGSÚLA

Ciallaíonn **CAIDREAMH DOMHAIN A DHÉANAMH LE DREAMANNA ÉAGSÚLA** a admháil go bhfuil réimse leathan dreamanna ar gá toradh ár gcuid saothair a chur in iúl dóibh. Ciallaíonn sé aird a bheith ar an gcúram atá orainn fiúntas an tsaothair a chur in iúl agus tuiscint a bheith againn ar an ngá cur chuig an gcumarsáid ar bhealaí éagsúla i ndáil leis na dreamanna éagsúla sin.

Ciallaíonn sé a bheith oilte i mbun déileála leis an lucht saineolais chomh maith leis an gcaidreamh poiblí leis an ngnáthdhuine agus ceisteanna a fhreagairt i gcónaí le fianaise oibiachtúil neamhchlaonta i bhfoclaiocht atá soiléir intuigthe.

Níos minice ná mar a bhíodh i gceist cheana, ciallaíonn sé a thuiscint go bhféadfadh na dreamanna éagsúla a bheith ina bpáirtnéirí comhair againn i ndáil leis an taighde – páirteach go gníomhach i gcruthú an tsaothair – agus ciallaíonn sé dá bhí sin a bheith oilte sna scileanna cumarsáide a theastaíonn don chaidreamh anonn is anall sin ar leibhéal níos doimhne.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SEO** mar gheall go bhfuil de dhualgas ar institiúid dá dtugtar cistí poiblí an fiúntas atá le saothar taighde go ginearálta, chomh maith leis an bhfiúntas atá leis an obair faoi leith a dhéanaimid féin, a chur in iúl do na geallsealbhóirí éagsúla. Tá tábhacht leis freisin mar gheall gur féidir bonn a chur faoi dhéanamh cinntí lán eolais trí léirmhíniú oibiachtúil ar thorthaí taighde a chur sa timpeall agus plé a dhéanamh ar a bhféadfadh a theacht dá mbarr. Go deimhin, is ábhar mórtais ag Coláiste na Tríonóide an traidisiún seanbhunaithe maidir le caidreamh den chineál seo a dhéanamh agus tá gach rún cur leis arís agus arís eile. Is gné bhuntábhachtach é den dúthracht maidir le hoideachas agus le foghlaim feadh saoil.

Ní scaipeadh eolais amháin atá i gceist leis an gcaidreamh domhain seo, baineann sruthanna smaointe anonn agus anall leis. Tá tábhacht leis mar gheall go mbeadh i ndán go dtiocfadh treoir maidir le réimsí a shaothrófaí ó thuiscint a fháil ar na nithe is ábhar buartha don phobal agus trí mhodhanna nua comhoibre a thabhairt chun cinn. Tuigeann Coláiste na Tríonóide gur gá a bheith chun tosaigh maidir le comhar taighde de chineálacha nua le dreamanna éagsúla – agus táthar cheana féin ag tosú ag obair ar an gcaoi sin.

Anuas air sin uilig, is cuid bhunriachtanach é den dea-chlú a chothú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a bhfuil tábhacht leis maidir le cáil agus seasamh idirnáisiúnta na hollscoile.

**IS CUSPÓIR ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide a bheith chun tosaigh ar a bhfuil sa domhan maidir leis gcaoi a gcuirtear an saothar taighde i láthair do dhreamanna éagsúla.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH**, tá an bheartaíocht caidrimh phoiblí reatha maidir le cúrsaí reatha a chur chun cinn ar bhealach níos éifeachtúla cuimsithí ar fud Choláiste na Tríonóide. Is féidir leas a bhaint as scileanna atá ar fáil cheana féin chun athsmaoineamh ó bhonn a dhéanamh ar mhodhanna inar féidir torthaí taighde a chur i láthair trí mheáin éagsúla a úsáid le dreamanna éagsúla agus cláir chaidrimh phoiblí mórsála a chur i gcrích (mar shampla (tionscnaimh maidir le heolaíocht an tsaoránaigh bunaithe i gColáiste na Tríonóide nó dúshlán taighde faoi leith a chur roimh an bpobal). Is féidir oibriú le líonraí na gcéimithe, na gcomhghleacaithe agus na bhfostóirí chun an téagar a bhaineann le beartaíocht taighde Choláiste na Tríonóide a chur in iúl. Is féidir leathnú le gnáis nua ina bhfeidhmíonn an pobal i gcomhar linn agus leas breise a bhaint as gnéithe sainiúla de chuid Choláiste na Tríonóide, mar shampla an Leabharlann, an Gailearaí Eolaíochta agus Dánlann Dhubhghlas de hÍde.



# 07. CUR AR SON CÚRSAÍ TAIGHDE

Ciallaíonn **CUR AR SON CÚRSAÍ TAIGHDE** a bheith páirteach go gníomhach i leagan amach an bheartais maidir le cúrsaí taighde in Éirinn agus san Eoraip.

Ciallaíonn sé míniú a thabhairt ar bhealach sothuigthe ar an gcaoi ina n-oibríonn éiceachóras an taighde agus an ní is gá chun an córas sin a chothú. Ciallaíonn sé fiúntas an taighde a mhíniú agus seasamh ar son infheistíocht san obair taighde.

Ciallaíonn sé ár gcuid smaointe agus tuairimí réasúnaíochta faoi pholasaithe maidir le hobair taighde a chur i láthair go poiblí go seasta leanúnach.

Ciallaíonn sé caidreamh a chothú go rialta leo sin a dhéanann cinntí ar gach leibhéal maidir le cúrsaí taighde.

**TÁ TÁBHACHT LEIS SEO** mar gheall go bhfuil easpa infheistíochta ag baint le fada leis an taighde in earnáil na hollscolaíochta in Éirinn. Ní mór don tír an céatadán den OTI a chuirtear i leith taighde a ardú ó tá an ráta i bhfad faoi bhun mheánleibhéal an OECD. Téann easpa infheistíochta den chineál sin i bhfeidhm ar chúrsaí eacnamaíochta in Éirinn agus ar an acmhainn cobhsaíochta. Is tábhachtach an tsócmhainn earnáil bhríomhar bhisiúil taighde in Éirinn maidir le hoideachas a chur ar dhaoine cumasacha, infheistíocht ón iasacht a mhealladh, cur leis an dea-chlú go hidirnáisiúnta, agus nithe eile.

Is tábhachtach an rud cur ar son taighde, ní amháin maidir lena éileamh go ndéanfaí breis infheistíochta ach maidir le moltaí a chur chun cinn faoin gcaoi ina ndéantar an infheistíocht. Is éiceachóras bisiúil taighde an ceann atá bunaithe ar shárfheabhas. Is córas é lena mbaineann cothromaíocht idir taighde bunúsach agus taighde feidhmeach, idir réimsí éagsúla léinn, ar feadh thréimhsí uile ré gairme an taighdeora agus idir obair aonair agus obair an chomhair.

Ó thaobh Choláiste na Tríonóide, ní mór cúnamh náisiúnta go seasmhach cothrom don taighde ionas go leantar de dhaoine cumasacha a choinneáil

agus de dhaoine nua a mhealladh, ionas gur féidir iomaíocht a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta, ionas gur féidir seasamh ar son chlú na hÉireann mar phríomhollscoil taighde na tíre, agus ionas go ndéantar sár-obair taighde den chéad scoth.

**IS SPRIOC ARDLEIBHÉIL** ag Coláiste na Tríonóide a bheith ina chrann seasta maidir le héiceachóras cothrom taighde in Éirinn agus san Eoraip a bhfuil obair sárfheabhais de bhuntréith leis agus dul i gcion ar an gcaoi a dtugtar polasaithe maidir le cúrsaí taighde chun cinn ina leith sin.

**AR NA BEARTA IS FÉIDIR A DHÉANAMH,** tá teachtaireachtaí soiléire maidir le polasaithe taighde a thabhairt chun cinn chomh maith le próifil lena gceaptar ollscoil a bhfuil tuairim iontaofa sothuigthe le cur in iúl aici maidir le polasaithe taighde. Chuirfeadh feachtas 'Cur ar son Chúrsaí Taighde' agus oibriú trí Chumann Ollscoileanna na hÉireann nó le Forais Ardoideachais eile in Éirinn leis an gcumas dul i gcion ar an mbeartas maidir le cúrsaí taighde. Ní mór taighdeoirí uile an Choláiste a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ndiospóireacht thairbheach mhacánta faoi pholasaithe taighde agus leanacht ag obair go forbheartach le LERU agus le craobhchórais eile maidir le ceisteanna príomhthábhachta i ndáil le cúrsaí taighde. Is féidir leas breise a ghnóthú as dul chun cinn a dhéantar maidir lena chur in iúl níos fearr go mbíonn toradh éifeachtúil críochnúil ar ár gcuid taighde, ar mhaithe le tuiscint níos fearr a chothú ar na ceisteanna a mbíonn cur isteach acu ar chúrsaí taighde.

# FOCAL SCOIR

Cairt ghonta achomair atá sa cháipéis seo atá bunaithe ar na hidéil maidir leis an gcaoi ar mian linn cur chuig an obair thaighde i gColáiste na Tríonóide. Leagtar seacht bprionsabal amach ina gcuspoirí ardleibhéil:

- go gceapfaí Coláiste na Tríonóide le cultúr a ngabhann saoirse léinn, réimse leathan scoláireachta, tóraíocht na fírinne agus na caighdeáin acadúlachta is airde leis.
- a dhéine a shaothraítear obair thaighde sa choláiste a bheith san áireamh go hiomlán i gcúrsaí rialachais agus eagrúcháin agus sna gnáis oibre.
- timpeallacht taighde a thabhairt chun cinn den chineál a tharraingíonn agus a chothaíonn daoine ina bhfuil sárchumas taighde agus a ligeann don lucht taighde sárobair a dhéanamh ag gach tráth dá saol oibre.

— a bheith chun cinn maidir le tionscnaimh ildisciplíneacha nó réimsí nua taighde a leagan amach trína mbainfí sochar as ár gcuid saineolais ar mhaithe le leas fadtéarmach an tsaoil agus ceannródaíocht a dhéanamh ina leith.

— deiseanna dul i gcion ar an saol in Éirinn agus ar fud an domhain, leis na cineálacha iléagsúla scoláireachta atá ina ngnéithe den obair taighde a dhéantar i gColáiste na Tríonóide, a thabhairt chun suntais agus a thapú agus an tionchar is mó is féidir a imirt.

— bheith chun tosaigh ar a bhfuil sa domhan maidir leis gcaoi a gcuirtear an saothar taighde i láthair do dhreamanna éagsúla.

— a bheith ina chrann seasta maidir le héiceachóras cothrom taighde in Éirinn agus san Eoraip a bhfuil obair sárfheabhais de bhuntréith leis agus dul i gcion ar an gcaoi a dtugtar polasaithe maidir le cúrsaí taighde chun cinn ina leith sin.

Is iad prionsabail na cairte seo agus na spriocanna ardleibhéil is bun leis an Straitéis maidir le Sárfheabhas Taighde.

